



## COVID-19 – An Geilleagar

Úsáidtear téacs beochana agus íomhánna gluaisteacha chun an t-ábhar a léiriú.

Foilsithe ag Banc Ceannais na hÉireann ar an 6 Iúil 2020.

Is turraing do gheilleagar na hÉireann é COVID-19 nach bhfuil a macasamhail feicthe riamh cheana agus beidh a tionchar le brath ar feadh i bhfad.

I mBanc Ceannais na hÉireann, táimid ag obair chun éifeachtaí eacnamaíocha COVID-19 a shrianadh a mhéid is féidir. Le himeacht ama, cuirfidh sé seo ar chumas an gheilleagair teacht chuige féin agus a bheith rathúil arís.

Táimid ag iarraidh go leanfaidh an sreabhadh creidmheasa tríd an ngeilleagar chun tacú le teaghlaigh agus le gnóthaí ag an am cruá seo.

I gcomhar leis an mBanc Ceannais Eorpach, tá obair déanta againn a fhágann go bhfuil sé níos éasca do na bainc iasachtaí a thabhairt dá gcustaiméirí.

Tugann sé seo tacaíocht do theaghlaigh agus do ghnóthaí agus sinn ag gluaiseacht i dtreo an téarnaimh.

Leanfaimid orainn ag obair ar mhaithe le leas an phobail chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch agus a chinntiú go mbeidh an córas airgeadais ag obair do chách.

Tuilleadh eolais: [centralbank.ie/covid19-eolas](https://www.centralbank.ie/covid19-eolas).